FEIDHMEANNA NA COMHAIRLE MÚINTEOIREACHTA I LEITH LEANÚNTAS OIDEACHAIS MÚINTEOIRÍ

AILT AN ACHTA	FEIDHMEANNA NA COMHAIRLE
7 (2) (f)*	• Nósanna imeachta a bhunú i ndáil le hinsealbhú múinteoirí i ngairm na múinteoireachta.
7(2)(g)*	• Nósanna imeachta agus critéir a bhunú le haghaidh promhadh múinteoirí, lena n-áirítear tréimhsí promhaidh.
7 (2) (h)	Comhairle a thabhairt don Aire i ndáil le: • Caighdeáin íosta na gcáilíochtaí oideachais is gá chun dul isteach i gcláir oideachais agus oiliúna do mhúinteoirí • Forbairt ghairmiúil múinteoirí.
7(2) (m)	• Cláir oideachais agus oiliúna do mhúinteoirí a athbhreithniú agus a chreidiúnú chun críche cláraithe.
38 (1)	• Na cláir oideachais agus oiliúna do mhúinteoirí a sholáthraíonn forais ardoideachais agus ardoiliúna sa Stát a athbhreithniú agus a chreidiúnú • Na caighdeáin oideachais agus oiliúna is cuí do dhuine a bheidh ag dul isteach i gclár oideachais agus oiliúna do mhúinteoirí a athbhreithniú, agus • Na caighdeáin eolais oilteachta agus inniúlachta is gá do chleachtadh na múinteoireachta a athbhreithniú Agus tabharfaidh sí comhairle don Aire agus, de réir mar is choí léi, don na foras lena mbaineann.
39*	• Oideachas agus oiliúint leanúnach agus forbairt ghairmiúil múinteoirí a chur chun cinn • Taighde a sheoladh ar oideachas agus oiliúint leanúnach agus ar fhorbairt ghairmiúil múinteoirí • Feasacht a chur chun cinn i ngairm na múinteoireachta agus i measc an phobail ar na tairbhí a ghabhann le hoideachas agus oiliúint leanúnach agus le forbairt ghairmiúil • Cláir a bhaineann le hoideachas agus oiliúint leanúnach do mhúinteoirí a athbhreithniú agus a chreidiúnú • Cibé feidhmeanna eile i ndáil le hoideachas agus oiliúint leanúnach agus forbairt ghairmiúil múinteoirí a shannfaidh an tAire don Chomhairle a chomhlíonadh

** Níl na codanna seo den Acht ag feidhmiú go fóill*